



Ag Déileáil le Foréigean Leanaí in aghaidh Tuismitheoirí 2013-15: Achoimre Feidhmiúcháin

Action Research by

Paula Wilcox (University of Brighton),
Michelle Pooley (Brighton & Hove City Council),
Maite Ferrando (University of Valencia),
Declan Coogan & Eileen Lauster (National University of Ireland Galway),
Anna Assenova (National Association XXI Rhodopa Mountain Initiative, Smolyan),
Ulla Mortensen & Inger Christoffersson (Åmåls kommun).

This publication has been produced with the financial support of the Daphne Programme of the European Union. The contents of this publication are the sole responsibility of University of Brighton, Brighton & Hove City Council, University of Valenica, National University of Galway, Amals Kommun & National Association XXI Rhodopa Mountain and can in no way be taken to reflect the views of the European Commission. Published 2015.



With financial support from the Daphne programme of the European Union

Ag Déileáil le Foréigean Leanaí in aghaidh Tuismitheoirí 2013-15: Achoimre Feidhmiúcháin

Rinne Ag Déileáil le Foréigean Leanaí in aghaidh Tuismitheoirí (RCPV) scrúdú i dtaobh an féidir iompar mí-úsáide ag déagóirí i gcoinne tuismitheoirí/cúramóirí a athrú i 5 thír Eorpacha. Iniúchadh na bealaí ina ndéileálann cleachtóirí leis an bhfadhb agus díriodh ar dhá idirghabháil Eorpacha – *Break4Change* agus *Non Violent Resistance*. Ba é Ollscoil Brighton a bhí i gceannas ar an gcomhpháirtíocht agus iad ag obair le Comhairle Cathrach Brighton and Hove (BHCC), Sasana; le Tionscnamh XXIú hAois Shliabh Rhodopa an Chumainn Náisiúnta, an Bhulgáir; le Comhairle Cathrach Brighton and Hove (BHCC), Sasana; le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh (ÓEG); le hInstitiúid Taighde Polibienestar, Ollscoil Valencia, an Spáinn, agus le Ámáls Kommun, an tSualainn.

Na Príomhthorthaí

Is é Foréigean Leanaí in aghaidh Tuismitheoirí (CPV) an cineál foréigin teaghlaigh is mó a choinnítear faoi cheilt, is mó míthuiscint agus is mó stiogma dá bhfuil ann. Is é atá i gceist leis ná déagóirí agus daoine níos óga, idir chailíní agus bhuachaillí, a bhaineann leas thar am as an oiread sin drochúsáide, de chineál fisiciúil, mothúcháin agus airgeadais, go mbíonn eagla ar thuismitheoirí/chúramóirí roimh an leanbh.

Mothaíonn tuismitheoirí ciontacht agus náire nuair a ghníomhaíonn a leanbh ar bhealach foréigneach, drochúsáideach ina n-aghaidh. Ní bhíonn a fhios acu cén áit a bhfaighidh siad cuidiú agus bíonn imní orthu go n-éireoidh cúrsaí níos measa má thuairiscíonn siad iompar a linbh d'údarás éigin amhail na póilíní nó na seirbhísí sóisialta. Baineann fadhbanna leis na leibhéil tacaíochta atá ann faoi láthair mar gheall ar easpa beartais rialtais maidir le CPV agus mar gheall ar easpa comhordúcháin i leith na hoibre atá á déanamh ina leith.

Cé go bhféadfadh sé tarlú go mbíonn an cineál seo foréigin agus drochúsáide á dhíriú ar an dá thuismitheoir, léiríonn an staidéar seo gur dóiche ná a mhalairt gur ar mhná a dhírítear é. Mar an gcéanna, cé go n-úsáideann cailíní agus buachaillí CPV, is dóiche ná a mhalairt gur buachaillí a úsáidfidh foréigean fisiciúil. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtabharfaidh cleachtóirí aghaidh ar thionchair éagsúla na hinscne ar úsáid agus ar fhulaingt CPV.

Léirigh cleachtóirí i seirbhísí príomhshrutha leibhéil éagsúla muiníne, inniúlachta agus eolais i leith CPV agus i leith conas dul i ngleic leis. Is beag an méid oiliúna atá ar fáil do chleachtóirí agus tá ganntanas clár idirghabhála speisialtóireachta ann agus, den chuid is mó, níl aon mheasúnú déanta ar chlár den sórt sin.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh cleachtóirí breithniú cúramach ar théarmaíocht ós rud é n-úsáideann an chuid is mó tuismitheoirí na téarmaí CPV ná drochúsáid tuismitheora nuair a luann siad a n-eispéireas; seachas sin, deir siad nach bhfuil siad in ann a leanbh a choinneáil faoi smacht. Tá sé tábhachtach freisin a bheith ar an eolas faoi théarmaí amhail íospartach agus déantóir foréigin, agus téarmaí den sórt sin a sheachaint, mar gur téarmaí iad sin a fhágann milleán agus stiogma ar an tuismitheoir nó ar an leanbh.

Chun deireadh a chur leis an tost a bhaineann leis an ábhar folaithe seo, ní mór do chleachtóirí, do thuismitheoirí/chúramóirí agus do leanaí iompar den sórt seo a shainathint mar CPV agus CPV a thabhairt air. Ní mór é a phlé go hionraice agus go hoscailte i dtimpeallacht shábháilte agus é mar chomhaidhmeanna ag an bplé sin cumarsáid a fheabhsú agus caidreamh urramach a athbhunú.

Is féidir athrú a dhéanamh ar iompar foréigneach, drochúsáideach ag leanaí in aghaidh tuismitheora/cúramóirí. Is féidir le cleachtóirí straitéisí agus scileanna a sholáthar do leanaí agus do thuismitheoirí/chúramóirí chun a chumasú dóibh cúinse atá ag dul in olcas a aithint agus riosca ionchasach díobhála a laghdú.

Maidir le clár idirghabhála atá dírithe ar réiteach a fháil, amhail Break4Change, tá fianaise ann go n-éiríonn leo sa ghearrthearma i gcás an chuid is mó teaghlach ach taispeánann an staidéar seo nach mór tacaíocht a thabhairt do leanaí freisin tar éis clár den sórt sin teacht chun deiridh lena chinntiú go leanfaidh na hathruithe de bheith ar marthain san fhadthearma. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé roinnt ama do thuismitheoirí agus do leanaí déileáil leis na saincheisteanna casta a thagann chun cinn.

Bunús agus aidhmeanna an staidéir

Tionscadal de chuid chlár Daphne III, a fhaigheann maoiniúchán ón AE, is ea RCPV agus é mar aidhm aige cuidiú le cleachtóirí atá ag obair ar CPV agus le tuismitheoirí agus le leanaí a bhfearrann CPV orthu. Ghlac an tionscadal modheolaíocht taighde gníomhaíochta arbh é ba bhunús léi ná iarracht chun tuiscint a fháil ar an gcleachtas agus ar an mbeartas i ndáil le CPV i ngach tír comhpháirtíochta (an Spáinn, an Bhulgáir, Sasana, Éire agus an tSualainn) agus chun a fháil amach conas an cleachtas agus an beartas sin a fheabhsú trí mhachnamh a dhéanamh ar na hathruithe a rinneadh trí ghníomhaíochtaí tionscadail. Is iad seo a leanas na haidhmeanna a bhí ann:

- Feasacht a mhéadú
- Taighde a dhéanamh ar thuiscint agus dea-chleachtas a leagan amach
- Forbairt a dhéanamh ar chreat meastóireachta agus é a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach
- Cur le hacmhainn trí chlár idirghabhála a chur chun feidhme
- Forbairt a dhéanamh ar uirlisí do chleachtóirí agus do theaghligh

Mar chuid bhunúsach de na nithe sin go léir, díriodh ar dhinimic inscne agus ar chosc a chur ar fhoréigean in aghaidh ban agus leanaí, agus ar dhéileáil le foréigean den sórt sin.

Modheolaíocht agus Modhanna

Ghlac an tionscadal modheolaíocht idirghníomhach agus chomhairleach, trí chiorcal an taighde gníomhaíochta a úsáid roinnt uaireanta, is é sin le rá, pleanáil, déanamh, breathnú agus machnamh, agus é mar sprioc aige sin an cleachtas agus an beartas maidir le CPV a fheabhsú. Is iad seo a leanas na modhanna sonracha taighde:

- Seoladh cuairteanna staidéir in Åmås Kommun sa tSualainn agus in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chun sonraí tosaigh a bhailiú. Chun forbairt a dhéanamh ar Tuarascáil a dTíre, rinne gach comhpháirtí athbhreithniú ar an litríocht atá ann faoi láthair ar bheartas agus ar chleachtas i ndáil le CPV. Baineadh úsáid as na Tuarascálacha Tíre sin chun anailís trastíre a fhorbairt maidir leis na bealaí ina ndéileáiltear le CPV (Tuarascáil Shruth Oibre 1).
- Rinneadh sampla beag agallamh cáilíochtúil leathstruchtúrtha (n=52) a chur i gcrích i Sasana, in Éirinn agus sa tSualainn; agallaimh le tuismitheoirí (Sasana, n=20; Éire, n=10); agallaimh le tuismitheoirí (Sasana, n=12; an tSualainn, n=3); agus agallaimh le leanaí (Sasana, n=7) chun teacht ar thuiscint níos fearr ar eispéreas na ngrúpaí sin. Tar éis dhá idirghabháil chlár a dhéanamh, reáchtáladh fócas-ghrúpa le héascaitheoirí *Break4Change* i Sasana chun machnamh a dhéanamh ar an tslí ina cuireadh an clár i gcrích agus ar an tslí ina bhféadfaí é a fheabhsú (Tuarascáil Shruth Oibre 1).
- Bhí Institiúid Taighde Polibienestar in Ollscoil Valencia i gceannas ar fhorbairt creata agus uirlisí nua chun meastóireacht a dhéanamh ar chlár speisialtóireachta CPV agus aird á tabhairt ar na staideanna éagsúla comhthéacsúla atá ann i dteaghligh san Eoraip. Rinneadh an creat meastóireachta RCPV a chur chun feidhme i ndáil le dhá chlár *Break4Change* (Tuarascáil Shruth Oibre 2).
- Chomhoibrigh OÉG le Seirbhís Phromhaidh na hÉireann, Parentline agus Le Chéile in Éirinn agus le comhpháirtithe Thionscadal RCPV chun forbairt a dhéanamh ar cheistneoirí measúnaithe féin-éifeachtúlachta trína ndéanfaí tomhas agus rianú ar athruithe ar fhéin-éifeachtúlacht gairmithe i dtaca le CPV de. Cuireadh na ceistneoirí sin chun feidhme i measc níos mó na 300 gairmí (Tuarascáil Shruth Oibre 3).
- Rinne OÉG cúrsaí oiliúna CPV i ndáil le *Non Violent Resistance* a fhorbairt i gcomhar le seirbhísí teaghligh agus rinne BHCC agus grúpa stiúrtha ilghníomhaireachta *Break4Change* cúrsaí oiliúna i ndáil le *Break4Change* a fhorbairt. Rinneadh os cionn (n=320) gairmí as Sasana, as Éirinn agus as an tSualainn a oiliúint maidir le clár de chuid *Non Violent Resistance* (195) agus *Break4Change* (125) (Tuarascáil Shruth Oibre 4).
- D'fhorbair BHCC ceardlanna inscne i gcomhar le *Rise* agus *YOS* agus seoladh trí cheardlann inscne do ghairmithe: 2 cheann in Brighton, Sasana, agus 1 cheann i nGaillimh, Éire. Bailíodh sonraí cáilíochtúla le linn na gceardlann agus rinneadh anailís théamach orthu (Tuarascáil Shruth Oibre 4).
- Rinne Åmås Kommun straitéis maidir le scaipeadh eolais a fhorbairt i gcomhairle le comhpháirtithe RCPV (Tuarascáil Oibre 5).

Cé chomh mór is atá fadhb an CPV?

Go dtí seo, is i Meiriceá Thuaidh agus san Astráil atá an chuid is mó den taighde déanta agus léiríonn an taighde sin go bhfearrann CPV ar thuairim is 1 teaghlach as gach 10 dteaghlach. De réir athbhreithnithe fhairsing ar litríocht de chuid na Stát Aontaithe maidir leis an ábhar seo, tuairiscíodh go n-imríonn CPV tionchar ar 7 – 18% de theaghlaigh (Kennair and Mellor 2007). San Eoraip, níl ach sonraí teoranta ann faoi mhinicíocht an CPV; sa Spáinn, áfach, tá méadú tagtha ar an líon gearán a chomhdaíonn tuismitheoirí in aghaidh a leanaí ó 1,627 sa bhliain 2006 go 5,377 sa bhliain 2011, sin méadú 230% (Ministerio de Justicia 2012, luaithe in Calvete et al 2013).

Cén fáth go bhfuil tábhacht le CPV?

Má leantar de CPV a choinneáil faoi cheilt, beidh na costais dhaonna agus na costais airgeadais ar an tsochaí ard agus, mar a léiríonn an ráiteas seo a leanas, beidh éifeacht uafásach aige laistigh de theaghlaigh:

“Saintréith dá chuid ab ea cuid mhór béicíola, smionagar a dhéanamh de rudaí, mo mhála a thógáil, bagairt a dhéanamh rudaí a bhriseadh, iompar bagrach, briseadh codanna éagsúla den teach agus a bheith go mór as smacht. Chuaigh sé sin in olcas i gcaitheamh na faide. Ní raibh ag éirí leis na teorainneacha go léir a bhí á n-úsáid agam” (Jane, máthair, Sasana).

D’fhéadfadh sé, maidir le leanaí a fhoghlaimíonn leas a bhaint as foréigean mar straitéis, gur dóchúla gurb iad sin na daoine a úsáidfídh foréigean i gcaidrimh ina dhiaidh sin agus tá roinnt fianaise ann a léiríonn naisc idir CPV agus cineálacha eile foréigin sa réimse poiblí (Parentline Plus 2010).

Mar thoradh ar chomhairliúcháin a rinne comhpháirtithe an tionscadail le seirbhísí áitiúla, léiríodh raon riachtanas nach rabhtas ag déileáil leo i ndáil le cóireáil a thabhairt i leith CPV agus CPV a chosc.

Costais agus sábhálacha airgeadais a bhaineann le cláir speisialtóireachta CPV

De bhreis ar na costais dhaonna a bhaineann le CPV, bíonn costais mhóra airgeadais ann nuair nach dtéitear i ngleic le CPV a luaithe is féidir. Rinne RCPV meastachán ar shábhálacha a ríomhadh thar thréimhse 6 mhí (costáil ó Shábhálacha i leith Costas Diúltach Teaghlach Suaite).

	Euro
Sábháil don Chóras Ceartais Choiriúil	79,305
Sábháil do na Seirbhísí Sláinte	15,245
Sábháil do na Seirbhísí Leanáí agus Teaghlaigh, Leanáí faoi Chúram, Cúram Altrama, Obair Shóisialta, Scoil	97,691
Sábháil do na Seirbhísí Tithíochta agus Dídeanaithe	3,121
Sábháil Iomlán Thar 6 Mhí	195,362
An costas in aghaidh an teaghlaigh in aghaidh an chláir <i>Break4Change</i> (8 dteaghlach)	2,297
Sábháil réamh-mheasta de réir an chláir <i>Break4Change</i>	48,840

Dearcadh Inscneach faoi CPV

Tá torthaí na n-agallamh cáilíochtúil a rinneadh i Sasana agus sa tSualainn agus torthaí na gceardlanna inscne le cleachtóirí i Sasana agus in Éirinn ag teacht leis na sonraí teoranta staitistiúla atá ann faoi láthair maidir le foréigean fisiciúil agus damáiste do mhaoín agus atá tiomsaithe ag Condry agus Miles (2013), ar sonraí iad a léiríonn gur máithreacha is mó a fhulaingíonn CPV agus gur mic is mó a úsáideann foréigean fisiciúil. D’inis cleachtóirí dúinn, áfach, nach léiríonn sé sin an scéal ar fad a bhaineann le CPV ós rud é go n-úsáideann iníonacha foréigean in aghaidh a máithreacha uaireanta agus go n-úsáideann mic agus iníonacha foréigean in aghaidh a n-aithreacha cé nach dtarlaíonn na nithe sin chomh minic céanna le foréigean fisiciúil ag mic in aghaidh a máithreacha.

Éiríonn an t-ábhar níos casta fós mar gheall ar chosúlachtaí idir na caidrimh chumhachta inscneacha ar saintréithe den fhoréigean i measc dlúthpháirtneírí iad agus CPV. Ach, cé go bhfuil cosúlachtaí ann, ní mór a rá go bhfuil idirdhealú suntasach ann freisin.

Tháinig raon saincheisteanna tábhachtacha chun cinn maidir le máithreachas agus milleán a chur ar mháithreacha. D'inis roinnt cleachtóirí dúinn go mbíonn claonadh ag seirbhísí déileáil le teaghlaigh trí na máithreacha seachas trí na haithreacha. Bítear ag súil go mbeidh a fhios ag an máthair i dtaobh 'an raibh an bhrúiteach' ar a leanbh cé nach mbítear ag súil go mbeidh eolas nó tuiscint ag aithreacha faoi shaincheisteanna sláinte. Ina theannta sin, is dealraitheach go léiríonn na hagallaimh le tuismitheoirí i Sasana agus sa tSualainn go bhféadfadh gur mó an tionchar a imríonn CPV ar mháithreacha ná mar a imríonn sé ar aithreacha ach tá gá le tuilleadh taighde chun tacú leis an méid sin:

"Ní eagla orm roimhe. Tá mise níos láidre ná é fós agus ní féidir leis eagla a chur orm. Bhí sé níos measa do mo chéile. Bhí sise ar shaoire bhreiteachta de bharr an struis a mhothaigh aici. Ar ndóigh, tá mé cráite ag an iompar seo, chuir sé inní orm agus tá inní orm i gcónaí, agus tá leithlisiú déanta aige orainn. Mar shampla, ní féidir linn imeacht ón mbaile ar saoire." (Lucas, athair, an tSualainn).

Níl aon amhras ann ná go bhfuil obair le déanamh chun oideachas a chur ar ghairmithe i dtéarmaí déileáil le CPV ach, chomh maith leis sin, i dtéarmaí dinimice inscne laistigh de theaghlaigh ós rud é go dtagann ceisteanna chun cinn faoin dinimic sin agus go bhféadfadh sé nach léir do chleachtóirí conas is fearr is féidir scrúdú a dhéanamh, agus aghaidh a thabhairt, ar na hábhair inní seo.

Tháinig sé chun cinn go bhfuil eispéireas roimhe sin ar fhoréigean baile ag aosaigh i measc na mbealaí suntasacha i dtreo an CPV i gcás roinnt daoine óga agus is follas go bhféadfadh tionchar inscneach a bheith aige sin ó tharla gur foréigean fear in aghaidh ban is mó a bhíonn i gceist le foréigean baile ag aosaigh:

"Baineann gné láidir inscneach le CPV, i gcás buachaillí go háirithe i gcás ina raibh eispéireas ar fhoréigean baile ... Is cinnte go mbíonn cuid mhór cainte ann a léiríonn fuath do mhná agus gur caint í a bhaineann an bonn ó údarás máithreacha. Níl mé ag rá nach ndírítear ar aithreacha .. ach ceapaim, ar leibhéal leathan, go ndírítear caint áiféiseach ar mháithreacha, ar caint í a bhíonn an-ghoiliúnach agus d'fhéadfadh sé go bhfuil gá lena aithint go mbíonn sé sin an-mhaslach." (Mark, Síceolaí Comhairleach Cliniciúil)

"Bíonn inní orm go minic faoina fhorbairt agus faoin gcineál féiniúlachta atá aige agus faoin tuairim atá aige faoi chailíní agus faoi mhná ós rud é gurb ábhar uafáis dom a iompar i leith a phiaraí, agus i leith ban agus cailíní agus, leis an bhfírinne a rá, cuireann sé uafás mór orm" (Amy, máthair, Sasana).

Tá tús maith déanta ag RCPV maidir le hiarracht a dhéanamh anailís a dhéanamh ar na gnéithe inscneacha de CPV ach is eol dúinn go bhfuil gá le tuilleadh taighde fairsing le gur féidir dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngné seo den ábhar.

Cad iad na saincheisteanna atá ann do ghairmithe mar thoradh ar CPV?

D'inis na rannpháirtithe gairmiúla dúinn go bhfuil foréigean teaghlaigh ina chuid shubstantiúil dá n-ualach oibre agus go bhfuil CPV ag teacht chun cinn mar shaincheist cé nach dtugtar aitheantas dó faoi láthair mar chatagóir ar leith ar mhaithe le faireachán agus nach raibh oiliúint faoi CPV faighte roimhe sin ach ag líon fíorbheag díobh sin a fuair oiliúint le linn thionscadal RCPV.

"D'fhulaingeodh 100% [tuismitheoirí i ngrúpa NVR] íde béil agus iompar smachtúil ach déarfainn go mbíonn foréigean fisiciúil ann i 20% go 30% de chásanna. Foréigean leaná in aghaidh tuismitheoirí a bheadh i gceist ansin ... d'fhéadfadh foréigean baile a bheith ann freisin ach ní chloisimid mórán faoin ábhar sin" (Oibrí um Cheartas i leith an Aosa Óig, Éire).

Bíonn deacracht ag roinnt cleachtóirí glacadh leis go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh tuismitheoirí ina n-íospartaigh drochúsáide arb iad a leaná féin is cúis léi agus cuireann sé sin le cineál folaithe an ábhair seo. Le linn cleachtóirí a chur faoi agallamh, fuairamar amach nach mbíonn an chuid is mó oibríthe ag cur ceisteanna faoin bhfeiniméan seo:

"Le fírinne, ní labhraíonn daoine faoi seo, ní mór dúinne tús a chur comhráite agus ní mór dúinn féin labhairt faoi" (Oibrí teaghlaigh, Sasana)

Chomh maith leis sin d'inis gairmithe dúinn go bhfuil raon leathan cúlraí éagsúla i gceist le teaghlaigh a fhuilgíonn foréigean agus drochúsáid leanaí in aghaidh tuismitheoirí:

“Rud eile atá tugtha faoi deara againn is ea an éagsúlacht an-spéisiúil i dtaca leis na cúlraí a bhain leis an daoine a tháinig. Bhí tuismitheoirí aonair ann, bhí tuismitheoirí ann a bhí ina ngairmithe oilte ... rud maith a lean as sin ná an chumhacht a bhíonn ag daoine agus iad ag tacú lena chéile, go tobann ba chuma cérbh thú féin, cén cúlra a bhí agat, bhí siad uilig ag fulaingt foréigin agus tháinig mé ar an tuairim, mura dtarlódh aon ní eile, gur mhaith an rud é gur bhuaile daoine le chéile agus go bhfuair siad amach nach raibh ‘cineál ar leith daoine’ ann a bhí ag fulaingt sa tslí seo” (Oibrí Cúraim Shóisialta, Éire)

Shíl na gairmithe go raibh na cláir oiliúna a chuir RCPV i bhfeidhm an-fhóinteach. Léiríonn an taighde gur mhéadaigh an oiliúint feachtas agus tuiscint na ngairmithe, gur chuir sí na scileanna iomchuí ar fáil atá ag teastáil chun oibriú le tuismitheoirí agus le leanaí agus gur mhéadaigh sí féin-éifeachtúlacht na gcleachtóirí. Le fírinne, ní raibh dóthain acmhainní ag an tionscadal chun oiliúint a thabhairt laistigh de shaolré an tionscadail don líon iomlán iarrataí ar oiliúint RCPV a fuarthas. Léiríonn sé sin gur fadhb shóisialta í CPV agus léiríonn sé an t-éileamh ard ar oiliúint do chleachtóirí:

“.....bhí an oiliúint úsáideach...Nuair a bítear ag obair le daoine óga Is mó mo mhuinín chun a rá nach bhfuil iompar áirithe inghlactha, nach bhfuil sé inghlactha má leantar ar aghaidh leis agus go dtarraingeoidh sé cuid mhór trioblóide i gcaidrimh ina dhiaidh sin agus is maith an rud é an mhuinín a bheith agam an méid sin a rá go comhsheasmhach”. (Cóitseálaí Teaghlaigh, Sasana).

Cad iad na saincheistanna atá ann do thuismitheoirí mar thoradh ar CPV?

D'inis tuismitheoirí dúinn go bhfuil easpa mhór eolais agus tuisciana ann maidir le CPV agus sin cúis amháin go mbíonn sé deacair labhairt faoi:

“Is é an tuairim atá agam ná nach dtuigfidís; agus, i gcás roinnt daoine a raibh a fhios acu, fuair mé cuid mhór comhairle uathu mar shampla “is ceart léasadh maith a thabhairt dó” agus, ar ndóigh, ní hé sin an stíl atá agam mar thuismitheoir” (Carol, máthair, Sasana).

Is fadhb chasta shóisialta, lena ngabhann stiogma, í CPV mar gheall ar na mothúcháin láidre a bhíonn ann idir an tuismitheoir agus an leanbh:

“Sin an rud eile a dhéanann sé fós anois agus, mar sin, má bhíonn sé corraithe cuirfidh sé faoi ghlas i seomra mé, seasfaidh sé go fisiciúil idir mé agus an doras amach. Níl sé seo ráite agam roimhe seo, is síceolaí cliniciúil mé, oibrím le daoine atá cráite, a bhfuil fearg orthu, atá corraithe agus atá ionsaitheach, tá a fhios agam cad atá le déanamh, tá an teoiric ar eolas agam, tá mé go maith i mbun an chleachtais ag an obair, níl mé chomh maith céanna sa bhaile! Dá bhrí sin, bíonn mothúcháin i gceist, agus nuair a bhíonn grá agus gean ann, bíonn sé fíor-dheacair agus ní hionann an scéal ar chor ar bith. Agus cé go ndéanfainn rud éigin atá go hiomlán sábháilte, chun an bheirt againn a choimeád slán ag an obair, ní sé d'acmhainn agam smaoineamh ar an mbealach ceannann céanna nuair atá duine a bhfuil grá agat dó i gceist [ligeann sí osna throm]” (Amy, máthair, Sasana)

Fulaingíonn tuismitheoirí cuid mhór cineálacha éagsúla foréigin agus drochúsáide óna leanaí, mar shampla, drochíde de chineál mothúcháin nó fisiciúil, agus, dála foréigin idir dlúthpháirtneirí, tarlaíonn sé i bhfoirm smachta chomhéignigh:

“Bíonn gach duine cráite dá bharr agus cuireann sé strus ar na leanaí eile sa teaghlach, cránn sé thú agus bíonn tú traochta dá bharr, mar thuismitheoir, mar go mbíonn ort machnamh ar cad atá á rá agat, conas atá rudaí á rá agat, cén tuin chainte a úsáideann tú, agus mar nach mór duit a bheith san airdeall i gcónaí ar chúinsí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis lena thaomanna agus bíonn tí an-traochta, an-tuirseach dá bharr sin” (Deborah, máthair altrama, Sasana).

Bíonn an tionchar an-dian agus an-díblitheach agus ní bhíonn a fhios ag tuismitheoirí conas a thosódh siad ar dhul in ngleic leis:

“Sílím go raibh mé chomh mór sin in ísle brí ... bhí mé i ndeireadh foighne ar fad agus ní raibh is agam ar chor ar bith cad ba cheart a dhéanamh, ní raibh a fhios agam cé leis ar cheart dul chuige, ní raibh a fhios agam cad ba cheart a dhéanamh ...” (Beth, máthair, Sasana)

D'fhéadfadh sé, mar gheall ar thionchar CPV, go mothóidh tuismitheoirí go bhfuil siad scartha amach ó dhaoine eile:

“Ba é an ghné shóisialta de a mhothaigh mé mar go mbíonn tú scartha amach ó dhaoine eile dá bharr, ní hamháin mar nach mian leat labhairt faoi, ach ós rud é, mar is fíor i mo chás-sa, nach dtéann tú amach, nach mbíonn saol sóisialta agat; tá mo shaol ar fad dírithe ar dhéileáil le m'iníon ...” (Beth, máthair, Sasana).

Tá sé chomh tábhachtach céanna ceisteanna a chur faoi drochúsáid mhothúcháinach agus atá sé ceisteanna a chur faoi fhoréigean fisiciúil:

“Maidir leis na tuismitheoirí a mbímse ag obair leo, is eol dóibh go maith nach é an foréigean fisiciúil amháin atá i gceist ach go mbíonn siad faoi smacht ag na nithe cáinteacha a deir leanaí, ag bagairtí féindíobhála ... bagairtí go n-éalóidh siad ón mbaile, go maróidh siad iad féin, nach n-íosfaidh siad bia maith, nach n-íosfaidh siad bia folláin, go ndéanfaidh siad rudaí neamhfholáine dá gcolainn, go ngabhfaidh siad do chaidreamh collaí contúirteach, agus rudaí eile den chineál sin” (Mark, Síceolaí Comhairleach Cliniciúil)

“Is iad na bagairtí is measa, dar liomsa, mar go bhfuil mise ag maireachtáil faoi bhagairt le tamall fada anois, agus cuireann sé sin stop le do chumas chun smaoineamh agus cuireann sé stop le do chumas chun gníomhú” (Amy, máthair, Sasana).

Cad iad na saincheisteanna atá ann do leanaí mar thoradh ar CPV?

Nuair a chuirtear ceist dhíreach ar leanaí, is maith is eol dóibh an tábhacht a ghabhann leis an gcaidreamh atá acu lena dteaghlach. Chomh maith leis sin, ceapann siad gur chuig a gcairde a théann siad chun tacaíocht a fháil agus gur lena gcairde a labhraíonn siad faoina gcuid fadhbanna.

Léiríonn ár gcuid taighde gur dóigh, ina lán cásanna, go dtiocfaidh leanaí a ghabhann do CPV chun bheith srartha amach óna gcuid cairde agus óna dteaghlach agus, i roinnt cásanna, go mbeidh siad mór le piaraí eile ag a bhfuil fadhbanna den chineál céanna i dtaca le coimhlint le tuismitheoirí. D'fhéadfadh sé go ndéanfaidh tuismitheoirí an leithlisiú sin a neartú, i ngan fhios dóibh féin, trí chead a thabhairt dá leanaí méid mór ama a chaitheamh ina n-aonar sa bhaile (is cosúil go bhfuil baint ag an teicneolaíocht nua leis sin) agus, a bheag nó a mhór, trí tharraingt siar ó pháirt réamhghníomhach a ghlacadh i saol a linbh:

“Caitheann sé cuid mhór ama a an ríomhaire. Bíonn sé ag imirt cluichí agus ag gabháil do Facebook agus féachann sé ar scannáin. Tá sé scartha amach ón teaghlach, b'fhéidir go n-íosfadh sé an dinnéir in éineacht linn ach caitheann sé an chuid is mó den am ina sheomra” (Lucas, athair, an tSualainn).

Mar thoradh ar mhaolú na gcaidreamh is suntasaí a bhíonn ag leanaí, is minic, freisin, a tharlaíonn maolú den chineál céanna ar an gcaidreamh atá acu le cairde agus múinteoirí ar scoil, ar caidreamh é a thagann faoi bhrú agus a ngabhann strus leis sa tslí chéanna agus is minic a bhíonn fadhb ag tuismitheoirí mar gheall ar dhiúltú dul ar scoil:

“Bhí mo mhacsa ag déanamh go maith ar scoil agus é ag déileáil le cúrsaí go maith. Bhí deacrachtaí againn leis ar dtús nuair a dhiúltaigh sé dul ar scoil; bhí sé i mBliain 6 agus, mar sin, le 2 bhliain anuas tá fadhbanna ann agus, an tráth sin, ba léir go raibh rud éigin á chrá agus go raibh sé míshona ós rud é go raibh gearáin á dhéanamh aige faoi rudaí fisiciúla agus nár theastaigh uaidh dul ar scoil” (Amy, máthair, Sasana).

“Thosaigh sé nuair nár theastaigh uaidh dul ar scoil. Bhain mé triail as gach rud agus ba mhinic a tharla coimhlint dá bharr idir mé féin agus [an iníon]” (Maya, máthair, an tSualainn)

Is amhlaidh maidir le roinnt leanaí óga a bhaineann leas as drochúsáid, go bhfuil tráma nó cailliúint a fhulaingt agus d'fhéadfadh sé go bhfuil sé sin ina chuid den mhíniú ar na cúiseanna le CPV ach ní leithscéal é an méid sin agus, de réir an staidéir seo, is léir gur chun leas an duine óig é cabhrú leis nó léi foghlaim conas déileáil, ar bhealach níos fearr, lena gcuid mothúcháin.

Nithe atá bainte amach ag Tionscadal RCPV

Rinneadh comhthéacsanna tíre a leagan amach i dtaca le soláthar seirbhísí le haghaidh CPV agus rinneadh anailís trastíre.

Cuireadh creat meastóireachta RCPV (i Spáinnis agus i mBéarla) chun feidhme, rud ar lean dhá chlár *Break4Change* as agus a chuir fianaise shuntasach ar fáil á léiriú gur múnla éifeachtach idirghabhála é *Break4Change*.

Ó thaobh staitisticí de, is léir gur uirlis tomhais iontaofa iad na ceistneoirí féin-éifeachtúlachta RCPV.

Taispeánadh go ndearna an oiliúint RCPV maidir le *Non Violent Resistance* agus *Break4Change* feabhas suntasach a chur ar eolas, ar scileanna agus ar mhúinín na gcleachtóirí agus iad i mbun idirghabhála i ndáil le CPV.

Mar thoradh ar Thionscadal RCPV, tá tacaíocht tugtha i leith gníomhaíochtaí nua seirbhíse do CPV a fhorbairt agus a chur chun feidhme in Éirinn (*Parentline*, an Clár maidir le Mí-Úsáid Drugaí agus Alcóil i measc Daoine Óga, *Power2Change*) agus in Åmåls Kommun sa tSualainn (*Break4Change* na Sualainne do Thuismitheoirí).

Rinneadh scannán faoi thionscadal RCPV don lucht déanta beartais agus don phobal i gcoitinne a ullmhú agus a scaipeadh.

Rinneadh oiliúint RCPV de chineál ról-imeartha a ullmhú agus a scaipeadh agus léiríonn sé sin an tslí inar féidir le cleachtóirí oibriú i réimse an CPV trí úsáid a bhaint as B4C agus NVR.

Ullmhaíodh uirlisí a bhaineann le *Non Violent Resistance* (i mBulgáiris, i Spáinnis agus i mBéarla) agus le *Break4Change* (i mBulgáiris, i Spáinnis, i Sualainnis agus i mBéarla).

Rinneadh torthaí an tionscadail a scaipeadh trí na meáin chumarsáide agus le linn comhdhálacha idirnáisiúnta, comhdhálacha náisiúnta agus comhdhálacha áitiúla.

Rinneadh ailt le haghaidh irisí agus caibidlí le haghaidh leabhar a fhoilsiú agus leanfar d'ábhar den sórt sin a fhoilsiú sna blianta atá díreach romhainn (féach na Tagairtí).

Moltaí

Ar leibhéal an A.E. agus ar an leibhéal náisiúnta, tá gá le comhairle maidir le forbairt beartais chun dul i ngleic le CPV agus chun a chinntiú go gcuirtear CPV san áireamh sa bheartas agus i bpleananna gníomhaíochta a bhaineann leis na réimsí seo a leanas: cosaint leanaí, oideachas agus cosc a chur ar fhoréigean baile agus ar dhrochúsáid leanaí.

Is gá do sheirbhísí agus d'eagraíochtaí tús a chur le bailiú agus úsáid sonraí faoi CPV chun meastachán a dhéanamh ar an minicíocht i ndáil leis an ábhar tromchúiseach seo.

Tá oiliúint faoi CPV ag teastáil go géar ó chleachtóirí i raon leathan eagraíochtaí: cúram sóisialta/obair shóisialta, sláinte, oideachas agus ceartas coiriúil.

Agus leas á bhaint as múnlaí láithreacha ilearnála, tá gá le líonraí ar fud tíortha agus ar fud na hEorpa, ar líonraí iad a bhíonn ag plé le hidirghabhálacha speisialtóireachta CPV agus a chumasaíonn do thuismitheoirí agus do leanaí an tacaíocht a bhfuil gá acu léi a fháil.

Tagairtí

Calvete, E., Orue, I, and Gámez-Guadix, M. 2013. Child-to-Parent Violence: Emotional and Behavioral Predictors, *Journal of Interpersonal Violence*, 28(4):755-772.

Condry, R. and Miles, C. 2013. Adolescent to parent violence: Framing and mapping a hidden problem, published online 3 September 2013 *Criminology and Criminal Justice*.

Coogan, D. & Lauster, E. 2014. Restoring competence and confidence – non-violent resistance as a response to child-to-parent violence in Ireland, *Context*, April 2014:132, pp. 29-31.

Kennair, N. And Mellor, D. 2007. 'Parent Abuse: A Review', *Child Psychiatry Human Development*, 38: 203-219.

Parentline Plus 2010. '*When Family Life Hurts: Family Experience of Aggression in Children*'.

Wilcox, P. and Pooley, M. 2014. 'Children who are violent to their parents need protection too', In Stanley, N. and Humphreys, C. (eds) *Domestic Violence and Protecting Children: New Thinking and Approaches*, London: Jessica Kingsley.